Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2020
(OR. en)

8622/20

JAI 473
JAIEX 48
RELEX 418
ASIM 32
COWEB 80
COSI 93
ENFOPOL 134

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8132/20 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar le comhpháirtithe na mBalcán Thiar i réimse na himirce agus na slándála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar le comhpháirtithe ó na Balcáin Thiar i réimse na himirce agus na slándála a glacadh an 5 Meitheamh 2020.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir le feabhas a chur ar an gcomhar le comhpháirtithe na mBalcán Thiar i réimse na himirce agus na slándála

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. Á MHEABHRÚ DI an plé a rinneadh ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag na hairí an 24 Eanáir i Ságrab maidir le bealaí lena bhféadfaí líonraí smuigleála imirceach sna Balcáin Thiar a chomhrac ar bhonn na Tuarascála Comhpháirtí a d'ullmhaigh Europol, Frontex agus EASO[1], inar iarradh comhar níos struchtúrtha le comhpháirtithe sna Balcáin Thiar, chomh maith le Dearbhú Shóifia, a eisíodh ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcán Thiar i mí na Bealtaine 2018, na teachtaireachtaí polaitiúla a cuireadh in iúl le linn an chruinnithe mullaigh in Sibiu i mí na Bealtaine 2019, chomh maith le Dearbhú Shágraib, a eisíodh ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i mí na Bealtaine;

2. Á MHEABHRÚ DI, a bhuí le comhar agus tuilleadh dul chun cinn ár gcomhpháirtithe uile ó na Balcáin Thiar ar a gconair Eorpach, go gcuirtear le síocháin, le cobhsaíocht agus le rathúnas Oirdheisceart na hEorpa agus an Aontais Eorpaigh;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI gealltanas chomhpháirtithe na mBalcán Thiar seasamh le luachanna agus prionsabail na hEorpa agus athchóirithe riachtanacha a dhéanamh go críochnúil agus go fuinniúil;

[1] 5312/20

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas daingean chomhpháirtithe na mBalcán Thiar do phríomhacht an daonlathais agus an smachta reachta, go háirithe an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, don dea-rialachas mar aon leis an urraim do chearta an duine, don chomhionannas inscne agus do chearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad;

5. Á ADMHÁIL DI na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Aontas agus ag na Balcáin Thiar chun paindéim an choróinvíris a chomhrac, lena n-áirítear na héifeachtaí atá aici ar bheartais imirce agus slándála, chomh maith leis an bpacáiste dar luach breis agus EUR 3.3 billiún a rachaidh chun tairbhe na mBalcán Thiar[2];

6. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an ngá atá le hathchóirithe leanúnacha sna Balcáin Thiar má táthar le cur chuige cuimsitheach a fheidhmiú i réimse na himirce agus na slándála agus gur gné thábhachtach de pheirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar é go gcuirfí na hathchóirithe sin chun feidhme go rathúil.

7. Á MHEABHRÚ DI gur suntasach an brú imirce a cuireadh ar an Aontas Eorpach agus ar Thíortha Comhlachaithe Schengen agus ar chomhpháirtithe na mBalcán Thiar ó bhealach imirce na Meánmhara Thoir ó 2015 ar aghaidh;

8. Á ADMHÁIL DI gur laghdaíodh an imirce neamhdhleathach ón Tuirc go dtí an tAontas a bhuí leis an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc i mí an Mhárta 2016, arna chomhlánú ag na hiarrachtaí comhpháirteacha a rinne Ballstáit an Aontais agus ár gcomhpháirtithe sna Balcáin Thiar chun sreafaí neamhdhleathacha imirce a chosc;

9. Á ADMHÁIL DI go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar chun institiúidí nua nó feabhsaithe a bhunú, agus chun dlíthe agus nósanna imeachta a chur chun feidhme i réimsí an tearmainn, na cosanta, an bhainistithe teorann, agus na himirce dleathaí, chomh maith le trasuí acquis an Aontais;

---

**2** Teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Aibreán dar teideal *Support to the Western Balkans in tackling COVID-19 in the post-pandemic recovery* [Tacaíocht do na Balcáin Thiar chun dul i ngleic le COVID-19 sa téarnamh iarphaindéimeach]

10. Á ADMHÁIL DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag comhpháirtithe ó na Balcáin Thiar agus ag Ballstáit an Aontais araon chun an comhar déthaobhach a fheabhsú agus é mar aidhm leis an imirce neamhdhleathach agus an fanacht neamhdhleathach a chosc agus líon ard na n-iarratas ar thearmann gan bhunús ó náisiúnaigh na mBalcán Thiar a laghdú, go háirithe trí fheabhas a chur ar na hiarrachtaí chun smuigleáil agus gáinneáil ar a gcuid náisiúnach féin a chomhrac, comhar um fhilleadh a mhéadú agus úsáid chainéil na himirce dleathaí a chur chun cinn, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí náisiúnta;

11. AG TABHAIRT DÁ hAIRE, mar sin féin, gur tháinig méadú ar an mbrú imirce in 2018 agus in 2019 agus gur tháinig athrú ar phatrúin na sreafaí imirce ó thaobh bealaigh agus comhdhéanaimh araon;

12. AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur cuspóir príomha é an imirce neamhdhleathach a chomhrac;

13. AG CUR SAN ÁIREAMH DI na hardleibhéil brú imirce atá in Oirdheisceart na hEorpa le déanaí, go háirithe ag na teorainneacha idir an Ghréig agus an Tuirc agus go bhféadfadh méadú ar ghluaiseachtaí imirceach agus dídeanaithe teacht as an staid pholaitiúil, eacnamaíoch nó slándála sa Mheánoirthear, san Afraic agus san Áise Theas a bheith ag dul in olcas, agus de bharr thionchar socheacnamaíoch COVID-19 ar thíortha tionscnaimh agus idirthurais;

14. Á MHEABHRÚ DI tiomantas an Aontais do bheartas cuimsitheach imirce lena n-áirítear rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha an Aontais;

15. AG AITHINT DI go raibh méadú ag teacht gan stad ar an mbrú imirce ar bhealach na Meánmhara Thoir roimh do na teorainneacha a bheith dúnta de bharr phaindéim an choróinvíris agus go gcuireann sé sin leis an soláthar agus an éileamh i ndáil le seirbhísí smuigleála chun teorainneacha comhpháirtithe in Oirdheisceart na hEorpa a thrasnú, gan doiciméid ná le doiciméid fhalsaithe, rud a fhágann go ndéanann smuigléirí nó gáinneálaithe ar dhaoine mí-úsáid ar imircigh, lena gcuirtear beatha imirceach i mbaol go minic;

16. AG AITHINT DI go bhfuil na dúshláin imirce atá os comhair chomhpháirtithe na mBalcán Thiar nasctha leis na dúshláin atá os comhair an Aontais agus gur gá gníomhaíocht a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh siad in ann freagairt ar bhealach cuiditheach ar na dúshláin choiteanna;

17. AG AITHINT DI a thábhachtaí atá sé go ndéantar an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear maoiniú, radacú agus filleadh na dtrodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta;

18. AG CUR IN IÚL DI gur cúis imní di na hiarrachtaí a d'fhéadfadh Trodaithe Eachtracha Sceimhlitheoireachta a dhéanamh chun teacht isteach ar chríoch na hEorpa trí leas a bhaint as líonraí smuigleála imirceach atá gníomhach in Oirdheisceart na hEorpa;

19. Á MHEABHRÚ DI go bhfuil dúshláin slándála os comhair na mBalcán Thiar, ar dúshláin iad a thagann ó ghrúpaí coireachta eagraithe nó grúpaí sceimhlitheoireachta;

20. AG AITHINT DI gur de chineál trasteorann iad go leor de na bagairtí slándála, rud a éilíonn comhleanúnachas sna bearta a dhéanann an tAontas agus a chuid comhpháirtithe agus comhar treisithe, lena n-áirítear ar an leibhéal oibríochtúil. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach acmhainneachtaí chomhpháirtithe na mBalcán Thiar a neartú i réimse na himirce agus na slándála, chomh maith le sásraí comhair a neartú agus a dhoimhniú;

21. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an rath oibríochtúil a baineadh amach faoi Thimthriall Beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach (EMPACT) don tréimhse 2018-2021, go háirithe i réimse an chomhraic in aghaidh éascú iontrála agus fanachta neamhrialta, Gáinneáil ar Dhaoine (THB), gáinneáil ar airm thine (FIA), calaois doiciméad a chomhrac (DOC FRAUD), Airgeadas Coiriúil agus Sciúradh Airgid (CFMLAR)[3];

[3] 7704/17

22. AG AITHINT DI ról thoscaireachtaí an Aontais sna Balcáin Thiar i gcur chun feidhme na gclár comhair agus an tacaíocht a thugann ionstraimí bheartas eachtrach an Aontais don réigiún;

23. AG TÓGÁIL ar an tacar cuimsitheach oibríochtúil de bhearta a ghlac an Chomhairle an 6 Nollaig 2018 chun feabhas a chur ar an bhfreagairt ar líonraí smuigleála imirceach, agus béim ar leith á leagan ar na Balcáin Thiar[4];

24. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá sé ionadaithe ó chomhpháirtithe na mBalcán Thiar a imscaradh sna Gníomhaireachtaí Eorpacha ábhartha um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus rannpháirtíocht na nGníomhaireachtaí Eorpacha um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus údaráis forfheidhmithe dlí ó na Ballstáit sna Balcáin Thiar a fheabhsú ar bhonn cómhalartach[5];

25. AG TABHAIRT DÁ hAIRE ról an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hacmhainní leormhaithe airgeadais a leithdháileadh, lena n-áirítear laistigh de chistí agus d'ionstraimí an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile, agus maidir le tacaíocht an Aontais a chomhordú do chomhpháirtithe sna Balcáin Thiar chun a n-acmhainneachtaí a fhorbairt maidir le tuilleadh gníomhaíochtaí a dhéanamh i ndáil leis an imirce agus leis an mbeartas slándála;

26. AG AITHINT DI na hiarrachtaí déthaobhacha agus iltaobhacha a rinne roinnt Ballstát chun tacú le comhpháirtithe na mBalcán Thiar i réimse an bhainistithe teorainneacha agus na slándála, an tearmainn agus glactha;

---

**4** 15250/18
**5** 5754/20

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, IN ÉINEACHT LE COMHPHÁIRTITHE NA mBALCÁN THIAR, AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

27. leanúint de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe na mBalcán Thiar maidir le saincheisteanna imirce agus slándála, i gcomhréir le cur chuige cuimsitheach an Aontais chun líonraí comhair agus comhpháirtíochta a fhorbairt chun:

- beartas imirce agus bainistiú teorainneacha níos éifeachtúla a bhaint amach, go háirithe maidir le cosc ar an imirce neamhdhleathach agus ar ghluaiseachtaí tánaisteacha, i gcomhréir le tosaíochtaí agus straitéisí an Aontais;

- feidhmiú chórais tearmainn na gcomhpháirtithe a fheabhsú a thuilleadh (lena n-áirítear clárú agus acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha d'imircigh agus do dhídeanaithe a neartú), agus aird á tabhairt ar na príomhchuspóirí chun ailíniú le acquis tearmainn an Aontais a bhaint amach agus a áirithiú go measfar gur tríú tíortha sábháilte iad comhpháirtithe sna Balcáin Thiar;

- comhar um athligean isteach a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear maidir le náisiúnaigh tríú tír a chuir isteach ar chosaint idirnáisiúnta sna Balcáin Thiar agus nach bhfuil i dteideal cosaint idirnáisiúnta a fháil;

- feabhas a chur ar an acmhainneacht náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh go deonach nó go héigeantach chuig tíortha tionscnaimh;

- dlús a chur le malartú réigiúnach faisnéise agus cainéil chumarsáide atá ann cheana féin a fheabhsú a thuilleadh idir comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus an tAontas;

- comhar a fheabhsú agus dlús a chur le cumas na gcomhpháirtithe aghaidh a thabhairt ar scaipeadh na bréagaisnéise agus na bréagnuachta, chomh maith le hiarrachtaí ag gníomhaithe eachtracha an brú imirce feadh na mbealaí sna Balcáin Thiar a ionstraimiú;
- cumas na mBalcán Thiar freagairt ar chibirionsaithe agus ar bhagairtí hibrideacha a d'fhéadfadh a bheith ann a fheabhsú;
- cumas na gcomhpháirtithe a threisiú chun líonraí smuigleála agus gáinneála a bhaint as a chéile;
- freagairt ar phríomhbhagairtí slándála agus ar phríomhdhúshláin dhaonnúla;
- oiliúint leordhóthanach a áirithiú chun freagairt chomhsheasmhach ar na dúshláin sna réimsí thuasluaite a neartú;
- úsáid a bhaint as ionstraimí an Aontais atá i bhfeidhm agus comhoibriú leo, lena n-áirítear misin agus oibríochtaí CBSC, i gcomhréir leis an gCur Chuige Comhtháite.

28. deiseanna don chomhar níos dlúithe le CEPOL, Europol, EASO agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann a fhiosrú a thuilleadh ina réimsí faoi seach, chomh maith le hionstraimí beartais eachtraigh, lena n-áirítear maidir le gluaiseachtaí tánaisteacha neamhdhleathacha a chosc agus smuigleáil imirceach agus cineálacha eile coireachta tromchúiseacha a chomhrac, i gcomhthéacs na hiarrata ón gCoimisiún Eorpach comhpháirtíochtaí oibríochtúla coiteanna a mhaoiniú trí na hionstraimí airgeadais tiomnaithe;

29. an choireacht eagraithe a comhrac go héifeachtach (go háirithe líonraí eagraithe coiriúla a bhíonn rannpháirteach i smuigleáil imirceach, gáinneáil ar airm thine, táirgeadh drugaí agus gáinneáil orthu, gáinneáil ar dhaoine, calaois doiciméad agus sciúradh airgid), chomh maith leis an sceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach;

30. cóineasú níos leithne a fhorbairt maidir le caighdeáin agus acmhainneachtaí oibríochtúla idir comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus i gcomhar le comhpháirtithe an Aontais i réimse na himirce agus na slándála;

31. aschur oibríochtúil idir Ballstáit an Aontais agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar a fheabhsú a thuilleadh tríd an bhfaisnéis a chomhroinnt, mar aon le sonraí ábhartha maidir le cásanna móra gníomhaíochta coiriúla trasteorann, faoi réir na gceanglas ábhartha maidir le cosaint sonraí;

32. dlús a chur le rannpháirtíocht chomhpháirtithe na mBalcán Thiar i ngníomhaíochtaí oibríochtúla ábhartha thimthriall beartais an Aontais/EMPACT, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht i bhfoirne comhpháirteacha imscrúdaithe (le bunú féideartha foirne comhpháirteacha imscrúdaithe ón Aontas agus ó na Balcáin Thiar) agus tascfhórsaí oibríochtúla (e.g. aonaid imscrúdaithe na bpóilíní, údaráis chustaim, oifigí um aisghabháil sócmhainní, aonaid imscrúdaithe airgeadais, oibríochtaí teorann), mar aon le cur ar fáil SIENA do na gníomhaithe ábhartha forfheidhmithe dlí a chur chun cinn;

33. úsáid éifeachtach a bhaint as uirlisí ICPO INTERPOL, go háirithe an bunachar sonraí i ndáil le doiciméid atá goidte nó caillte, agus faisnéis a bhaineann leis an tslándáil a chomhroinnt go gníomhach trí líonra I-24/7, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta;

34. comhar agus malartú faisnéise a fhorbairt bunaithe ar Rialachán AE 2019/1240 a glacadh le déanaí maidir le líonra Eorpach oifigeach idirchaidrimh inimirce a chruthú (an Rialachán maidir le hoifigigh idirchaidrimh inimirce) agus an líonra a úsáid chun comhar institiúideach agus oibríochtúil le comhpháirtithe sa réigiún a chur chun cinn;

35. pictiúr comhpháirteach den anailís riosca a fhorbairt chun feasacht staide a ardú agus pleananna teagmhasacha a ailíniú le haghaidh cás ina bhfuil insreabhadh mór d'imirce mheasctha, i ndlúthchomhar leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn;

36. dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar a mbeartais víosaí a ailíniú a thuilleadh le beartas víosaí an Aontais chun timpeallacht dhea-bhainistithe imirce;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN:

37. in éineacht leis na Ballstáit agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar, dlús a chur le hiarrachtaí, cur i gcrích agus, i gcás inar gá, leasú mear, chomh maith le cur chun feidhme éifeachtúil na gcomhaontuithe stádais uile le comhpháirtithe na mBalcán Thiar, agus ar an dóigh sin neartú an chomhair oibríochtúil idir iad agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta a éascú;

38. leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar an gcomhar le comhpháirtithe na mBalcán Thiar i réimse na himirce agus na slándála agus ar an dul chun cinn ina leith, lena n-áirítear faoi chuimsiú chaidreamh an Aontais leis an réigiún;

39. measúnú a dhéanamh, in éineacht leis na comhpháirtithe sna Balcáin Thiar, ar na bearta agus na sásraí atá á gcur chun feidhme acu faoi láthair agus uirlisí agus acmhainní breise a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na himirce agus na slándála;

40. leanúint den chomhar le comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le cur chun feidhme an Phlean Chomhpháirtigh Gníomhaíochta maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht do na Balcáin Thiar agus na sé shocrú dhéthaobhacha ghaolmhara;

41. malartú tráthúil faisnéise a bhaineann leis an bhfrithsceimhlitheoireacht a chur chun cinn, agus acmhainneachtaí a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála eile, amhail cibearshlándáil a fheabhsú, agus, bunaithe ar thorthaí suirbhéanna riosca, athléimneacht in aghaidh bagairtí hibrideacha;

42. tacú le comhpháirtithe na mBalcán Thiar ina gcuid gníomhaíochtaí chun an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear trí Líonra an Aontais Eorpaigh um Fheasacht ar an Radacú (RAN) agus nithe insoláthartha ó thionscadail ábhartha arna gcistiú ag an Aontas, agus trí Líonra Réigiúnach Chomhordaitheoirí Náisiúnta P-CVE (RNNC), faoi chathaoirleacht shaineolaí réigiúnach frithsceimhlitheoireachta an Aontais;

43. obair leantach a dhéanamh ar an Meastóireacht a rinne an Coimisiún ar phlean gníomhaíochta 2015-2019 maidir le gáinneáil ar airm thine idir an tAontas agus Oirdheisceart na hEorpa[6] agus an *Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse and trafficking of Small Arms and Light Weapons (SALW) and their ammunition in the Western Balkans by 2024* [Treochlár maidir le réiteach inbhuanaithe ar shealbhú agus ar mhí-úsáid neamhdhleathach Mionarm agus Armán Éadrom, mar aon lena n-armlón, agus ar an ngáinneáil neamhdhleathach a dhéantar orthu (SALW) sna Balcáin Thiar faoi 2024] (an "Treochlár") a chomhtháthú sa phlean gníomhaíochta nua de chuid an Aontais maidir le gáinneáil ar airm thine;

44. machnamh a dhéanamh ar fhorbairt córas idir-inoibritheach náisiúnta um chlárú bithmhéadrach/córas comhroinnte sonraí ar iarrthóirí tearmainn agus imircigh neamhrialta ag comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus tacú le forbairt na gcóras sin, córais a d'fhéadfaí a mhúnlú ar phrionsabail theicniúla agus cosanta sonraí Eurodac agus, ar an gcaoi sin, malartú rialta réigiúnach faisnéise a chumasú agus a n-idir-inoibritheacht agus a gcomhoiriúnacht amach anseo le córais an Aontais a áirithiú;

---

6 COM(2019) 293 final, 27.6.2019.

45. bealaí a fhiosrú chun dlús breise a chur leis an gcomhar le comhpháirtithe na mBalcán Thiar bunaithe ar na deiseanna atá ann anois mar thoradh ar an Rialachán maidir le hoifigigh idirchaidrimh inimirce a glacadh le déanaí;

IARRANN SÍ AR NA GNÍOMHAIREACHTAÍ ÁBHARTHA CEARTAIS AGUS GNÓTHAÍ BAILE AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

46. comhoibriú le comhpháirtithe na mBalcán Thiar lárionaid náisiúnta chomhordaithe (LNCanna) idirnasctha a bhunú le haghaidh beartas éifeachtúil imirce, bainistiú teorainneacha agus chun dul i ngleic le dúshláin na himirce, chomh le gach faisnéis ábhartha a mhalartú go tráthúil le húdaráis inniúla na mBallstát agus Thíortha Comhlachaithe Schengen chun anailís chomhpháirteach ar riosca a fhorbairt;

47. dlús a chur leis an gcomhar i measc ionadaithe na ngníomhaireachtaí ábhartha CGB sa réigiún, lena n-áirítear a gcomhar le húdaráis áitiúla;

48. an comhar idir na gníomhaireachtaí ábhartha agus misin CBSC a neartú, mar a fhoráiltear i gcomhshocrú sibhialtach CBSC;

49. malartú faisnéise agus eolais a chur chun cinn idir comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus comhghleacaithe an Aontais amhail Europol, CEPOL, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta agus EASO, faoi réir na gceanglas ábhartha maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear trí chúnamh a chur ar fáil chun acmhainneacht gardaí teorann, póilíní/lucht forfheidhmithe dlí eile, gardaí cósta, agus údarás imirce, tearmainn agus fillte a neartú, chomh maith le feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise sna Balcáin Thiar agus úsáid SIENA sa réigiún a chur chun cinn;

50. rannpháirtíocht chomhpháirtithe na mBalcán Thiar i ngníomhaíochtaí oibríochtúla thimthriall beartais an Aontais/EMPACT, agus a dtacaíocht do na gníomhaíochtaí sin, a mhéadú agus leanúint de chúnamh a thabhairt, de réir mar is iomchuí, do chruthú nó d'fhorbairt tascfhórsaí oibríochtúla i bPlean Gníomhaíochta Oibríochtúil EMPACT maidir le heascú iontrála agus fanachta neamhrialta, agus pleananna gníomhaíochta oibríochtúla ábhartha eile, chun targaid ardluacha i ngrúpaí coiriúla eagraithe trasteorann a aithint, agus tacaíocht a thabhairt d'imscrúduithe den chineál sin;

51. tacú le forbairt córas idir-inoibritheach náisiúnta um chlárú bithmhéadrach/córas comhroinnte sonraí ar iarrthóirí tearmainn agus imircigh neamhrialta ag comhpháirtithe ó na Balcáin Thiar, córais a d'fhéadfaí a mhúnlú ar phrionsabail theicniúla agus cosanta sonraí Eurodac agus, ar an gcaoi sin, malartú rialta réigiúnach faisnéise a chumasú agus a n-idir-inoibritheacht agus a gcomhoiriúnacht amach anseo le córais an Aontais a áirithiú;

52. cur chuige an Aontais maidir le drugaí a chur chun feidhme, lena n-áirítear sonraí a bhailiú, faireachlanna náisiúnta drugaí agus córas réamhrabhaidh a bhunú, trí shocruithe oibre breise a shíniú ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí leis na comhpháirtithe sa réigiún agus iad a chur chun feidhme ina dhiaidh sin.